

TAOBH ISTIGH

Stéibh 2013 2

Seachtain Eolaíochta 2

Cursaí Spóirt 3

Scátáil roimh an Nollaig 4

Díospóireacht 4

Rialacha na Scoile 4

OícheOscailte & Dátaí don Dialann 4

Coláiste Chroí Mhuire

E A G R Á I N 8

E A N A I R 2014

Focal ón bPríomhoide

Tá míle fáilte roimh an eagrán is déanaí den nuachtlitir. Glacaim buíochas arís le Neasa Uí Choileáin as ucht an obair proifisiúnta a bhaineann leis an nuachtlitir seo a chur le chéile agus as ucht an suíomh idirlín a choinneál suas chun dáta.

Má bhíonn sibh ag coinneál súil ar an suíomh idirlín agus ar an ngealaráí ach go háirithe, tuigfidh sibh go bhfuil saol scoile an-saibhir agus an-éagsúil anseo i CCM.


Ar ndóigh, ní tharlaíonn na himeachtaí ar fad gan obair na múinteoirí, gan comhoibriú ó na daltaí agus gan tacaíocht na dtuismitheoirí.

I mbliana tá Bord Bainistíochta nua ag an scoil, chomh maith le Coiste nua Tuismitheoirí agus guíonn muid gach rath orthu agus iad i mbun a gcuid oibre ar son pobal na scoile.

Tá go leor feachtas nua ar bun sa scoil. Tá Comhairle na Mac léinn ag dearadh seit nua geansaithe spóirt don scoil. Tá an Bord Bainistíochta i mbun pleananna chun ceantín a chur ar fáil do na daltaí ag am lóin. Tá an scoil i gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Mhuireolaíochta chun stáisiún taighde a lonnú sa scoil, rud a thabharfadh deis do na daltaí a

bheith mar chuid de thaighde atá ag tarlú ag an gceathrú leibhéal sa tír seo. Ós rud é go bhfuil traidisiún láidir Eolaíochta sa scoil, agus ós rud é go ndéanfaidh cuid mhaith céimithe ollscoile cúrsaí iarchéime, tá sé go maith go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar an gcineál oibre atá i gceist.

Déanann an scoil comhghairdeachas leis na daltaí a rinne an Ardteist i mbliana, tá súil againn go bhfuil siad ag baint tainnimh agus tairbhe as an ré nua ina gcuid saolta. Cuireann muid fáilte roimh thuismitheoirí atá nua don scoil, má bhíonn aon tuairimí agaibh maidir le himeachtaí scoile, beidh muid an-sásta éisteacht libh. Faoi am a léifidh sibh i seo beidh an rás spraoi do Chroí líne Chois Fharraige thart, agus beidh muid ag tabhairt súil ar an Oíche Oscailte (16ú Eanáir) agus ar na Cluichí Cáilíochtaí Naisiúnta



Coláiste Chroí Mhuire Féilire 2014

FIONTRAÍOCHT

Tá neart fiontraíochta i bhfeidhm sa scoil i mbliana faoi stiúir Bn Uí Dhiollúin. Ag tús na bliana, níodh cairr na múinteoirí & roimh an Nollaig cuireadh féilire le chéile mar chuid de fhiontraíocht na hIdirbliana. D'eagraídh an rang GCAT lá BBQ sa scoil agus d'éirigh go hiontach leo.

Cispheile a bheidh ar siúl ar an Satharn 18ú Eanáir.

Guímid gach rath ar na cailíní faoi 16 agus ar a dtraenálaí Máire Ní Chonchubhair ina gcuid íarrachtaí.

Go n-éirí libh ar fad sa bhliain 2014, agus glacaim buíochas ó chroí le pobal iomlán na scoile as ucht bhuir gcuid tacaíochta i gcónaí.

*Triona Uí Mhurchú
Príomhoide*



Comhghairdeachas le Kevin Ó Donnabháin (5ú) as Máigh Cuilinn a ainmniú mar imreoir mionúr an chontae sa pheil i mbliana. Bronnadh an duais seo air ar an 29/12/13. Táimid ar fad fíor - bhródúil as éacht Kevin agus guímid gach rath air sa todhchaí.

Obair Charthanachta

Déantar an-iarracht sa scoil i gconáil cúnaimh a thabhairt d'eagraíochtaí carthanachta ó thaobh airgead a bhailiú dóibh. Ag tús na bliana bhí lucht na hIdirbliana ag bailiú airgid taobh amuigh de na siopaí áitiúla ar son Enable Ireland

D'eagraigh In Ní Ráinne díolacháin cácaí ar an Aoine 6/12/13 ar son an Eagraíochta Um Chosaint Leanaí (ISPC). Ag cur tabhartais na múinteoirí

san áireamh, bailíodh €319 ar an lá. Cuideoidh an t-airgead a bailíodh leis an líne cabhrach Childline a chur ar fáil do dhéagóirí na tíre ar Lá Nollag. Míle buíochas!

Chuir Bn Uí Dhiollúin agus rang na hIdirbliana féilire le chéile roimh an Nollaig, Rachaidh an t-airgead ar fad ó dhíolacháin na bhféilire chuig Chroí Líne Chois Fharraige. Táimid fíor-bhuíoch do na hurraithe uilig a bhí chomh flaithiúil.

Stéibh 2013

Ghlac dhá ghrúpa ceoil páirt i gcomórtas Stéibh 2013. Seo comórtas do scoileanna Ghaeltacht Chonamara. Tháinig Comhairle Chontae na Gaillimhe, Óige na Gaeltachta agus Timire Gaeilge, Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin le chéile chun an comórtas seo a eagrú. Is í an aidhm atá leis an gcomórtas seo ná an Ghaeilge a chur chun cinn trí mheán an cheoil.

Bhí dhá rannóg sa chomórtas: Ábhar Nuachumtha agus Ábhar Athchóirithe ar stíl Nua-Aimseartha. Chuireamar isteach ar an dara rannóg le dhá amhrán coitianta *Mo Ghrá Geal* agus *Chuala Mé*. Is leagan Gaeilge é *Mo Ghrá Geal* den amhrán *Drive By* le *Train*. Is leagan Gaeilge é *Chuala Mé* den amhrán *Someone Like You* le *Adele*. D'éirigh go geal linn lenár n-amhráin agus mar sin de tá an dá amhrán ar an dluthdhiosca úrnua a seoladh le gairid.



Ainmneacha baill an bhanna a léirigh *Mo Ghrá Geal*:

Méarchlár: Méabh Ní Dhonnacha
Giotar: Dillon O' Callaghan
Dordghiotár: Charlie McCarthy
Drumaí: Iain Ó Nuanáin
Canadh: Camille Casburn Trahan
Gutha Tacaíochta: Laoise Breathnach, Grace Callaly, Caoilfhionn Ní Chomhgháin & Laura Maycock

Ainmneacha baill an bhanna a léirigh *Chuala Mé*:

Méarchlár agus canadh: Caoilfhionn Ní Chomhgháin
Canadh: Laura Maycock & Camille Casburn Trahan

Cúpla lá i ndiaidh bronnadh na nduaiseanna fuair na grúpaí deis iontach dul isteach go Gaillimh chun léiriú a dhéanamh in Áras an Chontae. Bhain said an taitneamh as sin.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine a thug cúnamh dúinn ar an mbealach, go háirithe le Justin McCarthy a rinne jab iontach maidir le cúrsaí fuaime.

Tá na hamhráin thuas luaite ar youtube. Más mian le haon duine iad a fheiceáil téigh ar www.youtube.com agus scríobh isteach 'stéibh 2013'.



Seachtain Eolaíochta



Teastas ón gcúrsa Sábháilteacht Bia/ ECDL

Bronnadh na teastais ar na scoláirí ón Idirbhliain anuraidh a rinne an cúrsa sábháilteacht Bia mar chuid don rang Eacnamaíocht Bhaile. D'éirigh thar cionn leo ar fad sa scrúdú.

Beidh na scoláirí céanna ag fáil a dteastais ECDL an mhí seo chugainn

Bhí go leor imeachtaí eagraithe i mbliana do dhaltai na scoile le linn an "Galway Science and Technology Festival".

Ar an Máirt an 12/11/13, bhí ceardlann le Tim Downing ó Roinn Matamaitice in NUIG: "DNA ag leibhéal móilíneacha" do na daltaí sinsearacha atá ag déanamh staidéir ar na hábhair eolaíochta don Árdteist. Don dream céanna ar an 21/11/13 bhí

taispeántas Taistil ó NCBES (National Centre for Biomedical Engineering Science). Ba é Liam Brennan ó NCBES an t-aoichainteoir ar an lá. Bhí sé seo suimiúil dóibh siúd a bhfuil suim acu staidéar a dhéanamh ar Eolaíocht nó Innealtóireacht san Ollscoil.

Eagraíodh seó "True Physics" le Declan Holmes don dream sóisearach ar an 22/11/13. Tugadh cuireadh do dhaltai



Niall Ó Conghaile & Ian Kent ag an gceardlann fisice le Tim Downing

Scoil Éinne agus Scoil Náisiúnta na bhForbacha teacht chuig an seó seo chomh maith, agus bhain gach duine an-tairbhe agus an-taitneamh as an lá.

Cursaí Spóirt



Foireann Lúthchleasaíochta: Rónán Ó Direáin, Fergus Watts, Jason Ó Ceallaigh, Cathal Ó Gabhnáin, Conall Ó Caoimh agus Gearóid Ó Conghaile

Cispheil

Buaiteoirí Craobh an Iarthar Faoi 16 (C)

Cuireadh tús iontach le séasúr cispheile na gailíní i mbliana. D'éirigh leis na cailíní cluiche ceathrú ceannais na Gaillimhe a shroicheadh. B'iad na cailíní faoi 16 a chuir an t-éacht mór i gcrích. Shroich said cluiche leathcheannais an Iarthair gan mórán stró. Sa chluiche sin d'éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Bhaile an Róba. Sa chuiche ceannais, is in aghaidh na sean naimhde Baile an Chathail (Maigh Eo) a bhí muid. Ní raibh mórán idir na foirne ins an chéad leath ach sa triú ceathrú tharraing CCM leo. Chríochnaigh an scór 41-26 i bhfabhar cailíní CCM. Beidh na cailíní anois sna Cluichí Cáilíochta Uile Éireann. Beidh Coláiste Chroí Mhuire ag cur fáilte roimh na foirne eile in ár ngrúpa ar an 18ú Eanáir. Ba bhreá linn bhur dtacaíocht ar an lá. Foirne as an deisceart, iarthuaisceart agus agus iardheisceart a bheidh ag taistil go Gaillimh, iad ar fad ag iarraidh áit a bhaint amach i gcluiche leath ceannais na hÉireann. Ár mbuíochas do Chaoimhe Ní Fhatharta (4bl) agus Ailbhe Ní Mhaghnuis (4bl) a chuidíonn le In Ní Chonchubhair leis an traenáil agus bainistíocht. Mar fhocal scoir beidh comórtais na céad agus dara bliana ag tosnú i Mí Feabhra.

Comhghairdeachas le.....



Gearóid Ó Conghaile (2ú), a bhuaigh an chéad áit i gcomórtas scoileanna liathróid láimhe le déanaí. Maith thú a Ghearóid!



Romy Ní Chuinneagáin (2ú), a roghnaíodh ar phainéal cispheile na hÉireann, faoi 15. **Áine Ní Dhonncha (3ú)**, a roghnaíodh d'fhoireann Cispheil na hÉireann.



Ar chúil: Romy Cunningham, Laoise Breathnach, Cliona Ní Fhlannaire, Meabh Ní Dhonnacha, Áine Ní Dhonncha agus Niamh Ní Chuinn

Chun Tosaigh: Mary Ní Fhéinne, Sorcha Ní Fhrighil, Emer Ní Dhonnacha, Laura Ní Eimhrín, Caoilfhionn Ní Chomhgháin.

Camógaíocht.

Tosaíodh togra nua i mbliana chun foireann camógaíochta faoi 16 agus faoi 14 le himreoirí ó Choláiste Chroí Mhuire agus Choláiste Cholm Cille a nascadh ar aon foireann 'Scoileanna Chonamara'. D'éirigh leis na cailíní faoi 16 áit a bhaint amach i gcluiche ceannais(d) in aghaidh Clochar na Trócaire, Ros Comáin ach faraor bhíodar ró-láidir do chailíní na Gaeltachta. Beidh comórtas na gailíní óga ag tosnú sa bhliain nua. Tá muid fíor bhuíoch do Mháirtín Ó Dubhghaill, Donna Cox ach go háirid Áodhán Mac Cormaic a bhíonn i mbun traenáile agus i bhfeighil na bhfoireann traenála

Foirne Diospóireachta na Scoile



Foireann Sóisir: Orlaith Ní Shé, Sadhbh Ní Chonghaile agus Ailbhe Ní Chualáin



Foireann Sinsear: Laoise Bleasdale, Caoimhe Ní Chonghaile agus Ailbhe Ní Chualáin

Oíche Oscailte, 2014

Ná déanaigí dearmad ar ár n**Oíche Oscailte** a bhéidh ar siúl ar an **Déardaoin, 16ú Eanáir**. Beidh sé ar siúl ón a 7.00 go dtí a 9 san oíche. Beidh clarú don scoilbhliain 2014-2015 ar siúl ar an oíche, agus is féidir na foirmeacha iarratais a fháil ón scoil. Tosóidh an oíche le caint ón bPríomhoide/ Leasphríomhoide, agus ina dhiaidh sin beidh deis ag teaghligh turas na scoile a dhéanamh.

“Tús maith, leath na

Bliain nua, tús úrnua, tugann sé seans dúinn ar fad diriú isteach arís ar na bun rudaí atá chomh tábhachtach sin sa saol scoile, agus a chuidíonn go mór le daltaí leas iomlán a bhaint as. Ar an abhár sin meabhraíonn muid do dhaltai agus do thuismitheoirí araon:

- ✓ An tábhacht a bhaineann le poncúlacht, tosnaíonn an lá le paidreacha ag 9.10a.m
- ✓ Teastaíonn míniú scríofa i dtaobh asláithreachais. Tá tinreamh maith riachtannach
- ✓ Ní mór an éide scoile a bheith á chaitheamh ina hiomlán
- ✓ Tá an dialann scoile le húsáid le haghaidh gach obair baile.

Scátáil: 19/12/13

Bhí an-trathnóna ag lucht na céad bliana agus lucht na dara bliana a chuaigh go dtí “Ice-Factor” ag scátáil roimh an Nollaig. Iníon Ní Chonchubhair a d’eagraigh an lá dóibh agus chuaigh Bn Uí Dhiollúin, Bn Uí Choileáin agus an Príomhoide leo le aire a thabhairt dóibh ar fad! Bhain siad ar fad triail as agus buíochas le Dia tháinig gach duine slán abhaile!! Seo thíos cuid de na pictúir a tógadh ar an lá, níos mó ar an suíomh idirlín.



Dátaí don Dialann

- ✓ 16ú Eanáir : Oíche Oscailte, Déardaoin 7.00 - 9.00
- ✓ Bréagscrúdaithe: Ag tosú ar an 10ú Feabhra.
- ✓ 17-21ú Feabhra : Briseadh meántearma.
- ✓ 17ú Marta: Lá saoire bainc
- ✓ 14ú Aibreán – 25ú Aibreán: An Cháisc
- ✓ 31ú Márta– 11ú Aibreán : Béaltrialacha ardteiste/scrúdú practiciúil ceoil/tís

Fón: 091-553115

Faics: 091-553412

Ríomh-phost: colaistechroimhuire@gmail.com

Suíomh Idirlíne: www.ccm.ie